2024/1905

8.8.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 91/2024**

**an 26 Aibreán 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1905]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/923 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le luaidhe agus a comhdhúile in PVC ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1530 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2023 lena bhformheastar eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fuarthas le tuaslagóirí hidreacarbóin mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 12zc (Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '- **32023 R 0923**: Rialachán (AE) 2023/923 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2023 (IO L 123, 8.5.2023, lch. 1).'

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 12zzzzzzzzzzd (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2619 ón gCoimisiún):

   '12zzzzzzzzzze. **32023 R 1530**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1530 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2023 lena bhformheastar eastóscán *Chrysanthemum cinerariaefolium* ó bhláthanna oscailte agus aibí *Tanacetum cinerariifolium* a fuarthas le tuaslagóirí hidreacarbóin mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 186, 25.7.2023, lch. 16).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2023/923 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1530 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 27 Aibreán 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L 123, 8.5.2023, lch. 1.
([2]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 16.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Aibreán 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN